Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

# Polasaí Rangaithe Sonraí

**Réamhrá:**

Leagtar amach sa polasaí seo an bealach ina rangaíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe na cosaintí a chuireann ar shonraí pearsanta agus catagóirí speisialta sonraí a phróiseálann go hinmhéanach. Tugtar sonraí ann freisin faoi na cineálacha cosaintí in áiteanna ar shonraí pearsanta  agus catagóirí speisialta sonraí pearsanta (sonraí pearsanta) ina gceanglaítear na sonraí a aistriú go hinmheánach agus i gcás ina n-aistrítear iad chuig tríú páirti go seachtrach.

Tá sonraí curtha san áireamh ag an gComhairle sa polasaí seo cé atá in ann sonraí pearsanta a rochtain agus a láimhseáil agus na cosaintí criptithe/slándála a theastaíonn do na cineálacha éagsúla sonraí pearsanta a phróiseálann an Chomhairle.

**Scóip an pholasaí:**

Baineann an polasaí seo leis na sonraí go léir a phróiseálann fostaithe na Comhairle agus aon tríú páirtithe a mbíonn an Chomhairle i dteagmháil leo chun sonraí pearsanta a phróiseáil thar ár gceann.

Ina theannta sin cuireann an polasaí seo custaiméirí na Comhairle a chur ar an eolas faoi na céimeanna a ghlacaimid chun a chinntiú go bhfuil a gcuid sonraí pearsanta cosanta agus próiseáilte ag fostaithe agus tríú páirtithe ach amháin nuair is gá sin a dhéanamh agus chun a chinntiú go gcuirimid na seirbhísí is fearr is féidir ar fáil dár gcustaiméirí.

| Aicmiú sonraí | | Cur síos ar na sonraí | Samplaí Oibre de na sonraí | Stóráil, Rochtain & Comhroinnt na sonraí |
|---|---|---|---|---|
| Sonraí neamhphearsanta | Poiblí | Aon sonraí neamhphearsanta amhail staitisticí, polasaí & nósanna imeachta nó aon sonraí a uslódáiltear agus atá ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin na Comhairle. | (1) Miontuariscí chruinnithe na Comhairle<br>(2) Orduithe ón bPríomhfheidhmeannach<br>(3) Turascálacha Bliantúla | Inrochtana do gach duine den phobal |
| Sonraí pearsanta | Poiblí | Aon sonraí pearsanta a cheanglaítear ar dhaoine den phobal a fhoilsiú nó rochtain a fháil orthu. | (1) Iarrtais phleanála<br>(2) Deontais a íocadh<br>(3) Comhairleor Cathrach Tofa | Inrochtana do gach duine den phobal |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Sonraí pearsanta | Ard | Ainmneacha, seoladh ríomhphoist, seoladh baile agus uimhreacha teagmhála custaiméirí. | (1) Fíneálacha páirceála<br>(2) Tionóntaí na Comhairle<br>(3) Iarratasóirí ar Chúnamh Tithíochta | Ba cheart go mbeadh rochtain ag baill foirne a phróiseálann na sonraí amháin orthu. Ba cheart srian a chur ar gach ball foirne eile ó rochtain a fháil. Ba cheart aistrithe a chriptiú chuig 3ú páirtithe. Caithfidh comhroinnt inmheánach toiliú feasach a fháil ón gcustaiméir. |
| Catagóirí Speisialta Sonraí Pearsanta | An-tábhach tach | Sonraí sláinte, sonraí míchumas, gnéaschloanadh, ballraíocht san aontas, sonraí ciníocha nó eitneacha | (1) Deontas tithíochta dóibh siúd faoi mhichumas<br>(2) Sonraí cóiríochta don Lucht Siúil<br>(3) Iarratas ar CCT ina sonraítear stuchtúir teaghlaigh<br>(4) Tuarascálacha leighis & taifid mhíchumais don fhoireann agus do chustaméirí. | Ba cheart go mbeadh rochtain ag baill foirne a phróiseálann na sonraí amháin orthu. Ba cheart aon sonraí páipéarbhunaithe a choinneáil go daingean i gcaibinéid faoi ghlas & ba cheart loga a choinneáil ar bhaill foirne a bhfuil rochtain acu ar na sonraí. Ba cheart rochtain a bheith ag comhaid dhigiteacha na sonraí ar bhaill foirne laistigh den rannóg nó a bheith ag obair ar an gcomhad agus ar bheianisteoir líne na rannóige. Ní mór go mbeadh toiliú feasach ón gcustaiméir ag comhroinnt inmheánach. Teastaíonn criptiú na sonraí & 2 Art chun na sonraí a aistriú chuig tríú páirtí. Ní mór 9 gcúis le comhroinnt a chomhlíonadh. Ní mór toiliú a fháil ón gcustaiméir. |